An Binse Luachála

Achomhairc in aghaidh Athbhreithnithe nó in aghaidh Athluachála
Treoirlínte do chomhlanú an Fhógra Achomhairc

Tá an bunús dlí don Fhógra Achomhairc chuig an mBinse leagtha amach in ailt 34 agus 35 den Acht Luachála, 2001 (dá dtagraítear thíos mar "an tAcht"). Is mar chabhair amháin iad na treoirlínte seo a leanas agus níl siad in ainm aon léirmhíniú dlíthiúil a bheith acu.

Uimh. Ceiste

1. Cuir isteach mionsonraí iomlána agus seoladh **poist** na maoine atá faoi achomharc.

2. Soláthar tuairisc iomlán ar an maoin (m.sh. stóras, monarcha, siopa, áitreabh ceadúnaithe).

3. Ainmnigh an t-údarás rátála a bhfuil an maoin suite ina limistéar.

4. (a) Luaigh ainm an achomharcóra agus ainm an áititheora mura bhfuil an t-áititheoir ag tabhairt an achomhairc.

(b) Acmhainn achomharc a dhéanamh:
Forálann ailt 34(1) agus 40(5) den Acht Luachála, 2001 do cheart achomharc a dhéanamh chuig an mBinse agus leagan Ailt 30(1) amach na catagóirí daoine seo a leanas go bhfhuil ceart achomharc acu:

- áititheoir maoine
- áititheoir maoine iomchuí (maoin inrátála) i leith aon mhaoin iomchuí eile sa limistéar rátála céanna
- údarás rátála i leith aon mhaoin ina limistéar rátála
- tríú páirtí leasmhar
- áititheoir maoine a bhfuil a luacháil leasaithe le bheith in imthosca comhchosúla le maoin a bhfuil a luacháil leasaithe sa liosta luachála tar éis cinneadh Binse, Ardchúirte nó Cúirte Uachtaraí.

Luaigh cé acu de na catagóirí thuas faoina bhfuil an achomharc á dhéanamh.

5. Soláthair seoladh teagmhála anseo má tá sé difriúil ó sheoladh poist na maoine agus uimhir theileafóin lae comh maith le uimhir theileafóin phóca agus seoladh ríomhphost más ann.

6. Luaigh anseo na forais ar a bhfuil achomharc á ghlacadh. Ba chóir a thabhairt ar aird gur chóir don Fhógra leagan amach iomlán ar fad a dhéanamh ar na Forais Achomhairc a bhfuil sé beartaithe ag an achomharcóir brath orthu. NÍ cheadófar na Forais Achomhairc sin a athrú nó a síneadh a chur leo (agus ní dheonófar cead leasú a dhéanamh) ach amháin in imthosca eisceachtúla.

Teorannaíonn ailt 35 agus 40(4) den Acht achomhairc chuig na forais shainiúla atá leagtha amach sa cheist seo ag 6(a) - 6(d). Luaigh ag 6(e)forais eile más ann ar a bhfuil an achomharcóir ag brath.

Luaigh chomh maith cad a measann tú ba chóir an luacháil ceart a bheith (más ag achomharc in aghaidh cirte na luachála 6(a) nó é a fhágáil ar lár ón liosta luachála 6(c)(ii)). Is féidir bileog(a)

b(h)reise a chur leis an bhFógra Achomhairc mura bhfuil dóthain spáis ann chun d'fhorais a leagan amach ar an bhFógra.

7. Faoin Acht, tabharfaidh an Coimisinéir Luachála fógra d'íocóirí rátaí faoi leasuithe a dhéanamh ar luacháil a maoine trí fhógra nó trí dheimhniú luachála a eisiúint.

Luaigh dáta an deimhnithe nó an fhógra mar nach mór achomharc a dhéanamh chuig an mBinse **laistigh de 28 lá** ó dháta eisithe an deimhnithe nó an fhógra.

8. Luaigh luacháil na maoine mar atá leagtha amach sa deimhniú luachála nó san fhógra.

9. Léirigh sa bhosca cuí an táille a bheidh ag gabháil leis an achomharc. Is í an luacháil a chinntear a **leagann síos** leibhéal an táille. Taispeáintear an ráta cuí táille trasna ón mbanda luachála.

Tabhair ar aird le do thoil go mbreithneofar achomharc chuig an mBinse a bheith neamhbhailí mura mbeidh an táille ceart ag gabháil leis.

10. Má bheartaíonn tú go ndéanfaí uiríolla thar do cheann ar an achomharc, ba chóir ainm, seoladh agus uimhir theagmhála an ghníomhaire/aturnae a lua anseo.

11. Caithfidh an t-achomharcóir (nó gníomhaire thar a c(h)eann) a s(h)íniú agus dáta a chur leis an bhfoirm sula gcuirtear ar aghaidh é, leis an táille forordaithe, chuig an mBinse ag an seoladh a chuirtear ar fáil ag deireadh an Fhógra Achomhairc agus mar atá leagtha amach thíos.

The Registrar,
Valuation Tribunal
Ormond House
Ormond Quay Upper,
Dublin 7.

An Cláraitheoir,
An Binse Luachála
Áras Urmhumhan,
Cé Urmhumhan Uacht,
Baile Átha Cliath 7

Teileafón: 01-8728177 Faics: 01-8728060